C/2025/2466

28.4.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11965 — BCI / BROOKFIELD / GCM GROSVENOR / SHEPHERDS FLAT WIND)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2466)

1. An 16 Aibreán 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Brookfield Renewable Energy Group, LLC, ('Brookfield', Ceanada),

— GCM Grosvenor Inc. ('GCM', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Shepherds Flat Wind, LLC ('Shepherds Flat', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú comhpháirteach Brookfield agus GCM.

Gheobhaidh BCI, Brookfield agus GCM rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Shepherds Flat ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir institiúideach é BCI a infheistíonn ar fud an domhain i raon cineálacha sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromais phoiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, acmhainní in-athnuaite, réadmhaoin agus morgáistí tráchtála,

— Is gnólacht infheistíochta domhanda é Brookfield a infheistíonn ina phríomhghnólachtaí, lena n-áirítear a ghnólacht bainistíochta sócmhainní agus a ghnólachtaí oibriúcháin atá dírithe ar chumhacht agus aistriú in-athnuaite, bonneagar, cothromas príobháideach, agus réadmhaoin, i measc leasanna eile,

— Is soláthraí domhanda é GCM a thairgeann réitigh maidir le bainistiú sócmhainní malartacha, lena gcumhdaítear straitéisí infheistíochta maidir le cothromas príobháideach, bonneagar, réadmhaoin, creidmheas agus dearbhthoradh,

— Tá saoráid fuinnimh gaoithe 845 MW in oirthear Oregon faoi úinéireacht Shepherds Flat agus á hoibriú aici.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11965 — BCI / BROOKFIELD / GCM GROSVENOR / SHEPHERDS FLAT WIND

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË